

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Deireadh Fómhair 2022 – LE v an Coimisiún(Cás T-475/20) ⁽¹⁾

(Comhaontú deontais arna thabhairt i gcrích mar chuid den Seachtú Clár Réime um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí taisealbhaidh (2007-2013) – Nótaí dochair eisithe ag an gCoimisiún chun aisghabháil a fháil ar fhóirdheontais a deonaíodh ar bhonn conarthach – Cinneadh maidir le forfheidhmiú – Airteagal 299 CFAE)

(2023/C 7/27)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe*Iarratasóir:* LE (ionadaí: M. Straus, Dlíodóir)*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. André, J. Estrada de Solà agus S. Romoli, i gcáil Gníomhairí)**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar Cinneadh C(2020) 3988 final ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2020 maidir le haisghabháil na príomhshuime EUR 275 915,12 a neamhniú.

An chuid oibríochtúil

1 Déantar an chaingean a dhíbhe;

2 Ordaítear do LE na costais a íoc, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an nós imeachta eatramhach.

⁽¹⁾ IO C 414, 30.11.2020.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 19 Deireadh Fómhair 2022 – Ighoga Region 10 agus páirtithe eile v an Coimisiún(Cás T-582/20) ⁽¹⁾

(Státchabhair – Tógáil óstán agus ionad comhdhála in Ingolstadt – Cinneadh nár tugadh aon Státchabhair – Cearta nós imeachta na bpáirtithe leasmhara – Mainneachtain nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh – Neamhláithreacht deacrachtaí tromchúiseacha)

(2023/C 7/28)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Páirtithe*Iarratasóir:* Interessengemeinschaft der Hoteliers und Gastronomen Region 10 eV (Ighoga Region 10) (Ingolstadt, an Ghearmáin), MJ, MK (ionadaí: A. Bartosch, Dlíodóir)*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: B. Stromsky agus K. Blanck, i gcáil Gníomhairí)*Idiragraí mar thaca leis an gcosantóir:* Poblacht Chónaidhme na Gearmáine (ionadaí: J. Möller, i gcáil Gníomhaire)**Ábhar**

Trína gcaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go gcuirfí cinneadh C(2020) 2623 final ón gCoimisiún Eorpach an 28 Aibreán 2020, lena ndearbhaítear, ag deireadh na céime réamhscrúdaithe sa nós imeachta um Státchabhair SA. 48582 (2017/FC), nárbh ionann na bearta a séanadh sa ghearán a rinne Ighoga Region 10 an 4 Iúil 2017 agus maidir le tógáil leanúnach Ionad Comhdhála Ingolstadt (an Ghearmáin) agus óstán in aice láimhe, agus Státchabhair arna chur i bhfeidhm ag an nGearmáin i bhfabhar an ghrúpa Maritim agus KHI Immobilien GmbH, ar neamhní.